Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 29 Bealtaine 2019**
**(OR. en)**

**9575/19**

**SOC 383**
**FIN 383**
**REGIO 100**

**NÓTA**

| | |
|---|---|
| ó: | Coiste na mBuanionadaithe (Cuid 1) |
| chuig: | An Chomhairle |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 9531/19 |
| Ábhar: | Dréacht-Chonclúidí ón gComhairle maidir le Tuarascáil Speisialta Uimh. 5/2019 ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa: FEAD - Fund for European Aid to the Most Deprived: Valuable support but its contribution to reducing poverty is not yet established [FEAD - Ciste um Chabhair Eorpach do na Daoine is Díothaí:Tacaíocht luachmhar ach ní fios fós a mhéid a rannchuidíonn sé le bochtaineacht a laghdú] |

Ag féachaint don Chomhairle EPSCO a bheidh ann an 13 Meitheamh 2019, gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo na dréachtchonclúidí ón gComhairle maidir leis an ábhar thuasluaite, mar a d'fhormheas Coiste na mBuanionadaithe (Cuid I) iad, an 29 Bealtaine 2019.

**Dréacht-Chonclúidí ón gComhairle maidir le Tuarascáil Speisialta Uimh. 5/2019 ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa: *FEAD - Fund for European Aid to the Most Deprived: Valuable support but its contribution to reducing poverty is not yet established* [FEAD - Ciste um Chabhair Eorpach do na Daoine is Díothaí:Tacaíocht luachmhar ach ní fios fós a mhéid a rannchuidíonn sé le bochtaineacht a laghdú]**

Déanann Comhairle an Aontais Eorpaigh an méid seo a leanas

1. A chur in iúl go bhfuil tuairisc speisialta FAIGHTE AICI ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa (CIE) dar teideal *FEAD - Fund for European Aid to the Most Deprived: Valuable support but its contribution to reducing poverty is not yet established* [FEAD - An Ciste um Chabhair Eorpach do na Daoine is Díothaí: Tacaíocht luachmhar ach ní fios fós a mhéid a rannchuidíonn sé le bochtaineacht a laghdú];

2. ATHDHEARBHAÍONN SÍ a thábhachtaí atá an bhochtaineacht agus an t-eisiaimh sóisialta a laghdú mar chuid lárnach den straitéis Eoraip 2020; TUGANN SÍ DÁ hAIRE a thábhachtaí atá sé leanúint den staid speisialta, na dúshláin, agus riachtanais faighteoirí deiridh FEAD a chur san áireamh, agus iarrachtaí ar an mbochtaineacht a laghdú a dhíriú ar na daoine is díothaí agus, i gcomhréir le cuspóir sonrach FEAD, na cineálacha is measa bochtaineachta a mhaolú; TUGANN SÍ DÁ hAIRE gur áirithíodh, le rannpháirtíocht líonraí eagraíochtaí comhpháirtíochta, gur tugadh freagairtí cuí ar riachtanais áitiúla;

3. TUGANN SÍ DÁ hAIRE sa chomhthéacs sin, gur daingníodh sa mheastóireacht lárthéarma ar FEAD[1], a rinne an Coimisiún, go raibh cúnamh a bhí ag teastáil go géar tugtha le FEAD do na daoine is díothaí. In ainneoin buiséad teoranta EUR 3.8 billiún ón Aontas fuair, idir 2014 agus 2017, 12.7 milliún duine ar an meán in aghaidh na bliana tacaíocht ó FEAD agus baineadh amach príomh-spriocghrúpaí, ag brath ar chúinsí náisiúnta;

4. CUIREANN SÍ CHUN SUNTAIS cé nár díríodh an Tuarascáil Speisialta ó CIE ach ar naoi mBallstát agus go raibh sí bunaithe ar dhoiciméadacht chlársceidealaithe agus faireacháin a bhí ann cheana, gurb iad na Ballstáit a chumhdaítear iad siúd is mó a bhaineann úsáid as cistí FEAD, agus thart ar dhá thrian de chistiú FEAD don tréimhse 2014-2020 á úsáid sna naoi mBallstát sin. Sa bhreis air sin, thug beagnach gach Ballstát freagra ar shuirbhé CIE maidir le clársceidealú, oibríochtaí agus faireachán FEAD;

[1] Doiciméad inmheánach oibre de chuid an Choimisiúin: *Mid-term evaluation of the Fund for European Aid to the Most Deprived*, *SWD (2019) 148; and its Executive Summary, SWD (2019) 149;* [Meastóireacht lárthéarma ar an gCiste um Chabhair Eorpach do na Daoine is Díothaí; SWD (2019) 148; agus an Achoimre Feidhmiúcháin, SWD (2019) 149].

5. TUGANN SÍ DÁ hAIRE na trí mholadh deiridh ó CIE, ina n-iarrtar go ndéanfaí cabhair FEAD a spriocdhíriú níos fearr (Moladh 1), bearta cuimsithe sóisialta a choimirciú dóibh siúd a fhaigheann cúnamh ábhartha bunúsach (Moladh 2), agus feabhsuithe ar an measúnú ar chuimsiú sóisialta fhaighteoirí deiridh FEAD (Moladh 3);

6. TUGANN SÍ DÁ hAIRE torthaí agus moltaí na Tuarascála Speisialta ó CIE, arbh fhéidir iad a chur san áireamh i ndearadh agus clársceidealú Chiste Sóisialta na hEorpa Plus (CSE+), i gcás inarb ábhartha agus a mhéid is ábhartha;

7. MEABHRAÍTEAR DI gur mhol an Coimisiún FEAD a chumasc in CSE + faoin gcéad chreat airgeadais ilbhliantúil eile (2021-2027) agus é mar aidhm é a dhéanamh níos éasca cúnamh bia agus ábhartha a chomhcheangal le cuimsiú sóisialta agus bearta gníomhacha, agus chun gné an chuimsithe shóisialta den tacaíocht a neartú tuilleadh agus conair chomhtháite amach as an mbochtaineacht a chur ar fáil;

8. MEABHRAÍTEAR DI gur mhol an Coimisiún gur cheart do na Ballstáit céatadán áirithe dá n-acmhainní CSE + a leithdháileadh ar dhul i ngleic le díth ábhartha agus é mar aidhm sprioc choiteann ar leibhéal an Aontais a bhaint amach;

9. IARRANN SÍ ar an gCoimisiún leanúint dá eolas maidir le FEAD a chomhroinnt, lena n-áirítear i ndáil leis na bearta a ghabhann le bia agus/nó cúnamh ábhartha bunúsach a sholáthar. D'fhéadfaí ionchur úsáideach a chur ar fáil leis an Tuarascáil Speisialta ó CIE le haghaidh gníomhaíochtaí comhroinnte eolais den sórt sin;

10. IARRANN SÍ, i bhfianaise Mholadh 3 den Tuarascáil Speisialta, ar an gCoimisiún leanúint de sheimineáir agus/nó piarfhoghlaim a eagrú maidir leis an gcaoi chun faireachán, measúnú agus meastóireacht a dhéanamh ar bhearta lena gcabhraítear leis na daoine is díothaí, agus a chur san áireamh freisin, a mhéid is ábhartha, na torthaí arna gcur i láthair sa Tuarascáil Speisialta, mar aon leis na dea-chleachtais a shainaithnítear inti.